# Measúnú Riosca um Chosaint Leanaí

## Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le Gaelscoil Thaobh na Coille

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023), seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar Ghaelscoil Thaobh na Coille.

| **Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile** | **Shainaithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí** | **Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun aghaidh a thabhairt na rioscaí díobhála a shainaithnítear sa mheasúnacht seo** |
|---|---|---|
| Oiliúint d'Fhoireann na Scoile i faoi chúrsaí Cosaint Leanaí | Gan riosca díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras | Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* na scoile ar fáil do phearsanra uile na scoile.<br>Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí Bunscoile agus Iar-bhunscoileanna 2017* ar fáil do phearsanra uile na scoile.<br>TA & Leas-TA tar éis freastal ar chúrsa inseirbhíse lae an pdst<br>Ceanglaítear ar Phearsanra na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* a chomhlíonadh agus éilítear ar gach ball foirne cláraithe clár r-fhoghlama Túsla *'Introduction to Children First'* & clár r-fhoghlama *'Cosaint Leanaí'* an pdst a chomhlíonadh. |
| Teagasc Ranga | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Fuinneog gloine sa doras<br>Treoirlínte an Chomhairle Múinteoireachta: *Code of Professional Conduct for Teachers* |
| Teagasc duine le duine<br>• Teagasc Tacaíochta Foghlama<br>• Cruinniú leis an bPríomhoide<br>• Comhairleoireacht duine le duine | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairleacht srl. a bheith ar siúl | Fuinneog gloine sa doras<br>Bord idir an pháiste agus an múinteoir<br>Doras a bheith ar oscailt |

| | | |
|---|---|---|
| Earcú Baill foirne na scoile lena n-áirítear<br>• Múinteoirí<br>• CRS (Cuntóir Riachtanas Speisialta)<br>• Airíoch<br>• Rúnaí<br>• Múinteoir rince<br>• Múinteoirí Ionadaíochta<br>• Cóitseálaithe Spóirt | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil<br><br>Riosca díobhála nach n-aithníonn pearsanra ns scoile.<br><br>Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go cuí agus go pras ag pearsanra na scoile. | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>Dearbhú Reachtúil maidir le cosaint leanaí<br>Gnáthnósanna seiceála ar nós tagairtí a iarraidh & a fhiosrú agus aon bhearnaí nár míníodh sa cv a chinntiú<br><br>'*Ráiteas um Chumhdach Leanaí'* na scoile agus cóip de *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017'* a chur ar fáil do gach ball foirne<br>Clár r-fhoghlama Túsla *'Introduction to Children First'* & clár r-fhoghlama *'Cosaint Leanaí'* an pdst a chomhlíonadh |
| Múinteoirí faoi Oiliúint atá ag tabhairt faoi shocrúchán oiliúna ar scoil. | An riosca go ndéanfadh Múinteoir faoi Oiliúint díobháil do leanbh sa scoil<br>Riosca díobhála nach n-aithníonn an Múinteoir faoi Oiliúint | Grinnfhiosrúchán & Oiliúint Cosaint Leanaí ón gColáiste Oiliúna.<br>Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le Múinteoirí faoi Oiliúint atá i mbun socrúcháin scoile.<br>Múinteoir Ranga i láthair agus an múinteoir faoi oiliúint faoi chúram/maoirseoireacht an Mhúinteora i gcónaí. |
| Mic Léinn Iar-bhunscoile ar Thaithí Oibre | An riosca go ndéanfadh Mac Léinn díobháil do leanbh sa scoil<br>Riosca díobhála nach n-aithníonn an Mac Léann Iar-bhunscoile | Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le mic léinn atá i mbun taithí oibre sa scoil.<br>Polasaí scoile Múinteoir Ranga i láthair. Mic Léinn faoi chúram/maoirseoireacht an Mhúinteora i gcónaí. |
| Cuairteoirí sa/leis an Rang<br>• Séiplíneach Scoile<br>• Traenálaí Spóirt<br>• Teagascóirí Seachtracha<br>• Aoichainteoirí<br>• Oibrithe Deonacha | An riosca go ndéanfadh cuairteoirí chun an seomra ranga díobháil do leanbh sa scoil<br><br>Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus duine fásta eile. | Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le daoine seachtaracha a úsaid chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh.<br>Múinteoir Ranga le bheith i láthair nuair a bhíonn cuairteoirí/teagascóirí seachtaracha & a leithéid leis an rang.<br><br>Grinnfhiosrúchán an Gharda nuair is cuairteanna leanúnach seachas cuairteanna aon uaire atá i gceist. |

| | | |
|---|---|---|
| Cuairteoirí/Conraitheoirí ar láthair na scoile le linn uaireanta scoile<br>• Tuismitheoirí<br>• Cuairteoirí ar láthair na scoile le linn an lae<br>• Conraitheoirí ar láthair na scoile le linn an lae | An riosca go ndéanfadh cuairteoirí ar láthair na scoile díobháil do leanbh sa scoil<br><br>Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus duine fásta eile. | Cuairteoirí le síniú isteach in oifig an rúnaí agus cárta aitheantais le taispeáint, más ábhartha<br><br>Leanaí faoi chúram múinteora i gcónaí<br><br>Seoltar leanaí i mbeirteanna má tá siad ag imeacht ón rang le dul ar theachtaireachtaí |
| Cuairteoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile nó le linn gníomhaíochtaí iar-scoile m.sh.<br>• Glantóirí Conartha<br>• Conraitheoirí Cothabhála srl. | An riosca go ndéanfadh Cuairteoir ar láthair na scoile díobháil do leanbh sa scoil tar éis am scoile nó le linn gníomhaíochtaí iar-scoile<br>Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus duine fásta eile. | Múinteoirí freagrach as cúram na bpáistí a bhíonn ag tabhairt faoi imeachtaí iar-scoile & ag déanamh feitheoireacht orthu i rith an ama sin.<br>Gan glantóirí a bheith ag tosú go dtí i ndiaidh 2.30pm<br>Glantóirí/Conraitheoirí le síniú isteach agus amach agus iad ar láthair na scoile. |
| Cúram leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais orthu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá. | An riosca do ndéanfaí díobháil do leanbh a bhfuil RSO orthu agus a bhfuil leochaileachtaí ar leith orthu lena n-áirítear leochaileachtaí míochaine | Tá polasaí agus nósanna imeachta maidir le Riachtanas Speisialta Oideachais i bhfeidhm ag an scoil<br>Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le *Dlúthchúram* |
| Cúram do pháistí a bhíonn tinn, a fhliuchann iad féin nó a bhfuil riachtanais dlúthchúram phearsanta acu | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh i suíomh leochaileach agus dlúthchúram á fháil ag an leanbh | Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le *Dlúthchúram* |
| Úsáid limistéar an Leithreas<br>• i rith am ranga<br>• i rith am sosa/lóin | An baol go mbeadh iompar mí-oiriúnach ar siúl ag na leanaí<br>An baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil<br>An baol go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach | Polasaí dul go dtí an leithreas ranga & am sosa/lóin<br><br>Tá polasaí maoirseoireachta ag an scoil chun maoirseoireacht chuí a dhéanamh ar leanaí maidir le limistéir ar leith amhail leithris srl. |

| | | |
|---|---|---|
| Teacht Isteach & Imeacht na ndaltaí go laethúil<br>*Am oscailte/dúnta scoile* | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí mí-oiriúnacha idir an leanbh agus leanbh níos sine nó duine fásta ar chlós/ar láthair na scoile. | Ar Maidin: Daltaí ag siúl díreach isteach sa scoil go dtí a seomraí ranga. Múinteoirí sa seomra ranga rompu – múinteoirí TF & PO ag na doirse isteach agus sna pasáistí.<br>Um Thráthnína: Múinteoirí ag siúl amach leis na páistí ag deireadh an lae Ranganna sinsearacha ag bualadh lena dtuistí lasmuigh den gheata nó ag dul abhaile leo féin.<br>Daltaí sóisearacha – Tuistí á mbailiú ar láthair na scoile<br>Tá beartas maoirseachta ar an gclós le linn tionóil agus am imeachta na ndaltaí - múinteoirí ag siúl amach go dtí leis na páistí ag deireadh an lae |
| Soláthar an Churaclaim – OSPS, OCG agus Bí Sabháilte san áireamh | A riosca nach ndéantar an curaclam OSPS a mhúineadh | Cuireann an scoil an Churaclam OSPS chun feidhme go hiomlán.<br>Cuireann an scoil an Clár Bí Sábháilte & an Clár OCG chun feidhme go hiomlán.<br>Cuireann an scoil an Clár Fí na Folláine i bhfeidhm sa scoil. |
| Am sosa/ Am lóin na ndaltaí | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach<br>An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil. | Tá beartas maoirseachta clóis ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn am sosa agus am lóin.<br><br>Tá socruithe maoirseaoireachta ar leith ann do laethannta báistí agus nuair a bhíonn múinteoir béal dorais ag glacadh sos lóin luath. |
| Traenáil/Cluichí Iar-scoile<br>• Peil na mBuachaillí<br>• Peil na gCailíní<br>• Iomáint<br>• Camógaíocht<br>• Lúthchleasaíocht | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile nó oibrí deonach/tuismitheoir díobháil do leanbh sa scoil agus an leanbh ag glacadh páirte i ngíomhaíochtaí lasmuigh den scoil.<br>Ag cluichí/imeachtaí lasmuigh den scoil: An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí mí-oiriúnacha idir an leanbh agus leanbh nó duine fásta gan aithne. | Faoi mhaoirseaireacht/cúram ball d'fhoireann na scoile.<br><br>Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015<br><br>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta ar thuismitheoirí/oibrithe deonach a chuidíonn leis an traenáil iar-scoile. |

| | | |
|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil<br>• Turais Ranga<br>• Siúlóidí lasmuigh den scoil<br>• Córfhéile<br>• Féile Scoldramaíochta<br>• Cór na nÓg<br>• Feis Átha Cliath<br>• Turas chun na Breataine Bige & araile | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí mí-oiriúnacha idir an leanbh agus leanbh nó duine fásta gan aithne/stáinséara.<br><br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil | Tá polasaí scoile agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le Turais Scoile/Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn turais scoile & imeachtaí eile a thárlaíonn lasmuigh den scoil – maoirseoireacht, cúram, freagrachtaí srl. |
| Rince Gaelach | An riosca go ndéanfadh an múinteoir rince díobháil do leanbh sa scoil<br><br>Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras | Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>'*Ráiteas um Chumhdach Leanaí*' na scoile agus cóip de *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017'* a chur ar fáil do gach ball foirne<br>Múinteoir Ranga i láthair le linn an rang rince |
| Spórt le Traenálaí ón gCLG | An riosca go ndéanfadh an traenálaí díobháil do leanbh sa scoil<br><br>Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána – déanta ag an CLG & inghlactha ag Patrún na Scoile<br><br>Múinteoir Ranga i láthair le linn an ranga/seisiún traenála |
| Ceachtanna Snámha | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann seirbhísí fóillíochta dlr nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i gceachtanna snámha | Tá polasaí scoile agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le ceachtanna snámha – maoirseoireacht, gléasadh agus iompar san áireamh. |

| | | |
|---|---|---|
| Imeachtaí Scoile<br>• Lá Spóirt<br>• Céilí<br>• Tráth na gCeist<br>• Tionóil<br>• Ceolchoirmeacha & araile | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach | Tá beartas maoirseachta agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí i rith gníomhaíochtaí scoile ar nós lá spóirt, céilí, tionól srl. |
| Úsáid áiseanna nach bhfuil ar láthair na scoile le haghaidh gníomhaíochtaí scoile. | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht leordhóthanach ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí nach bhfuil ar láthair na scoile.<br>Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fasta eile. | Tá beartas maoirseachta agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí i rith gníomhaíochtaí pé áit a bhfuil sé ar siúl agus an daltaí/na daltaí faoi chúram an mhúinteora/na scoile. |
| Cúram Páistí a bhfuil leochaileachtaí shonracha orthu amhail:<br>• Daltaí mionlaigh eitneacha/imircigh<br>• Daltaí den Lucht Siúil<br>• Daltaí a mheastar a bheith ina LADT<br>• Daltaí ó Mhionlaigh Chreidimh<br>• Daltaí faoi chúram an Stáit<br>• Daltaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí | Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht<br><br>Riosca díobhála mar gheall ar chiníochas<br><br>(leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha) | Tá Polasaí Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaither na Roinne maidir le *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna.*<br><br>Cuirtear an curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán sa scoil.<br><br>Tá Cód Iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí |
| Bainstíocht ar Iompar Dúshlánach agus Úsáid Srianta nuair is cuí | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil<br>Riosca go ngortófaí nó go ndéanfaí díobháil do dhaltaí nó baill foirne | Polasaí Sláinte & Sábháilteacht<br>Tá cóid Iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)<br>Tá *Polasaí úsáid srianta* i bhfeidhm sa scoil. |

| | | |
|---|---|---|
| Cosc a chur ar bhulaíocht agus déileáil leis | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh<br><br>An riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor | Tá Polasaí Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaither na Roinne maidir le *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna.*<br>Cód Iompair – Tá cóid iompraíochta ag an scoil do na daltaí |
| Daltaí LADT (leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha) nó<br>Daltaí a bhraitear le bheith LADT (LGBT) | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh<br><br>An riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor | Tá Polasaí Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaither na Roinne maidir le *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna.*<br>Cuirtear an curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán sa scoil.<br>Tá Cód Iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí |
| Imeachtaí Thiomsú Airgid a bhfuil daltaí páirteach iontu<br>• Siúlóid Scoile<br>• Canadh Carúil Nollag & araile | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht leordhóthanach ar leanaí | Múinteoirí/Tuismitheoirí (Cumann na dTuismitheoirí) freagrach as maoirseoireacht leordhóthanach a dhéanamh ar na leanaí ag na himeachtaí seo lena chinntiú nach gcuirtear iad i mbaol. |
| Riar Leigheas – dáileadh cógais | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cógais a thabhairt do dhaltaí más gá ar threoir tuismitheoirí an dalta. |
| Garchabhair | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil do dháileadh na Garchabhrach |
| Grianghraif Scoile | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míchuí idir an leanbh agus leanbh eile nó duine fásta gan aithne trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile | Tá nósanna imeachta ag an scoil maidir le foilsiú griangraif ar shuíomh ghréasáin na scoile, nuachtlitreacha, iriseáin srl. Gan aon eolas phearsanta a fhoilsiú, gan ainmneacha iomlána páistí a chur le grianghraif. Cead na dtuismitheoirí a fháil griangraif a úsáid |

| | | |
|---|---|---|
| Úsáid Físeáin/Mheáin eile chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh tré úsaid mí-oiriúnach a bhaint as taifead scoile<br><br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Polasaí scoile agus nósanna imeachta maidir le taifead ar imeachtaí scoile agus an úsaid a baintear as an taifead sin (taifead ar mhaithe le cúrsaí oideachais & cartlann staire na scoile)<br><br>Tá Polasaí Frithbhulaíochta & Cód Iompair i bhfeidhm ag an scoil |
| Úsáid gutháin/fón póca chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile (daltaí) | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Tá Polasaí i bhfeidhm sa scoil lena rialaítear úsáid fóin chliste, uaireadóirí cliste agus gléasanna leictreonacha sa scoil.<br>Polasaí Frithbhulaíochta & Polasaí TFC na scoile |
| Teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda | An riosca díobhála mar gheall ar bhall de phearsanra scoile nó leanbh eile tré chumarsáid a dhéanamh le dalta ar bhealach míchuí agus teagasc ar siúl go cianda. | Tá Polasaí Úsáide Inghlactha TFC i bhfeidhm ag an scoil, lena n-áirítear soláthar teagaisc agus foghlama ar líne ar bhonn cianda agus tá an beartas sin curtha in iúl do thuismitheoirí.<br>Tá Polasaí Cumarsáid Beo ar Líne ag an scoil a cuireadh i bhfeidhm 'sna tréimhsí dianghlasála nuair a bhí teagasc ó chianda ar siúl. Cuireadh an polasaí seo in iúl do na tuismitheoirí |
| Úsáid TFC ag daltaí ar scoil, na meáin shóisialta san áireamh. | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar theacht a bheith aige/aice ar ábhar mí-oiriúnach ar ríomhairí, na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile | Tá Polasaí Úsáide Inghlactha TFC i bhfeidhm ag an scoil agus tá an beartas sin curtha in iúl do thuismitheoirí. |
| Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Chód iompair na Scoile lena n-áirítear daltaí a choinneáil istigh, fóin a choigistiú srl. | An riosca go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil. | Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc) |
| Úsáid Iarscoile fhoigneamh na Scoile ag Eagrais Eile<br>• Ranganna Rince<br>• Ranganna Karate<br>• Scoil Seapánach & araile | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh ar láthair na scoile | Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>'*Ráiteas um Chumhdach Leanaí'* na scoile agus cóip de *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017'* a chur ar fáil |

| | | |
|---|---|---|
| Ranganna Iarscoile – á reachtáil díreach i ndiaidh am scoile ag baill d'fhoireann na scoile<br>• Ceachtanna ceoil<br>• Club Spraoi<br>• Club spóirt srl. | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil<br>Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras<br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach | Foireann na scoile : Inseirbhís Cosaint Leanaí déanta<br>'*Ráiteas um Chumhdach Leanaí'* na scoile agus cóip de *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017'* a chur ar fáil do gach ball foirne<br><br>Gnáth bheartais maoirseachta agus nósanna/rialacha iompair na scoile á chur i bhfeidhm le linn gníomhaíochtaí iar-scoile. |
| Úsáid fhoirgneamh na Scoile ag eagrais eile i rith an lae/deireadh seachtaine/saoire<br>• Scoil Seapánach<br>• Campaí Samhraidh & araile | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh ar láthair na scoile<br>Gan riosca díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras<br>Gan TA nó Leas TA na scoile a chur ar an eolas | Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinfhiosrúcháin an Gharda Síochana.<br><br>Ceanglais Cosaint Leanaí dá gcuid féin ar an Scoil Seapánach & eagrais eile a chuireann seirbhís ar fáil do leanaí. Cóip den Ráiteas Cumhdach Leanaí le soláthar mar chuid den conradh. |
| | | |

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017*

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an 11/11/2024. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Síniú :  Dáta: 11/11/2024
An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú :  Dáta: 11/11/2024
An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta